Údarás na Gaeltachta

Comhordaitheoir Pleanála Teanga

Post ar Chonradh

Is í príomhaidhm reachtúil Údarás na Gaeltachta ná caomhnú agus leathnú na Gaeilge sa Ghaeltacht mar theanga phobail agus teaghlaigh. Faoi Acht na Gaeltachta, 2012 tá Údarás na Gaeltachta freagrach as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta agus i mBailte Seirbhíse Gaeltachta atá suite laistigh den Ghaeltacht. Chuige sin, tá post á thairiscint sa Rannóg Pleanála Teanga ar chonradh bliana.

Duine cumasach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí aici/aige i réimse na pleanála teanga agus in ullmhú pleananna teanga atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa,
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga,
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, an réimse taighde agus anailíse a bhaineann leis, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail agus in ullmhú pleananna teanga,
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal,
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe. Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Seoltar iarratas mar aon le Curriculum Vitae, roimh 5.i.n. ar an Aoine, 4 Lúnasa 2017 chuig:

An Rannóg Acmhainní Daonna & Forbartha Foirne,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091 503100 **Ríomhphost:** o.nicanri@udaras.ie

Is fostóir comhionannas deiseanna é Údarás na Gaeltachta
agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.